



**Glac ballraíocht in  
CMÉ agus bíodh  
cumhacht le do ghlór.**



**Cur le feabhsú  
coinníollacha  
múinteoireachta agus  
caighdeán oideachais.**



**Gach feabhas atá  
bainte amach do  
mhúinteoirí ó  
bunaíodh é, is é an  
ceardchumann seo  
a bhain amach é - bí  
páirteach ann.**



**Le ballraíocht a  
ghlacadh ann, tabhair  
cuairt ar [www.into.ie](http://www.into.ie).**



**into**   
Irish National Teachers' Organisation  
Cumann Múinteoirí Éireann

**Áras Vere Foster  
35 Cearnóg Parnell  
Baile Átha Cliath 1  
D01 ET35**

**01 804 7700  
[info@into.ie](mailto:info@into.ie)  
[www.into.ie](http://www.into.ie)**



**10 gcúis  
le bheith páirteach i  
gCMÉ.** 



## #1 Comhairle, tacaíocht agus tacaíocht dlí

Cuirimid comhairle, cúnaimh agus tacaíocht ar fáil do bhaill maidir le réimse ábhar, lena n-áirítear coinníollacha fostaíochta, caidreamh dlí agus tionsclaíoch, saincheistanna a bhaineann leis an gceardchumann agus cúrsaí gairmiúla. Tá réimse leathan saineolais againn a bheith ag plé le páirtithe leasmhara, an Roinn Oideachais, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus údaráis bhainistíochta ina measc. Tá an-cháil ar CMÉ as ionadaíocht a dhéanamhar bhaill i bhfóiraim éagsúla, lena n-áirítear os comhair an fhostóra, na Comhairle Múinteoireachta, na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.




## #10 Eolas cothrom le dáta

Mar bhaill, beidh teacht agat ar eolas cruinn iontaofa ar shuíomh gréasáin CMÉ, sna ríomhírísí seachtainiúla, in iris *InTouch* agus sna craobhacha áitiúla agus trí theagmháil le hionadaithe ar nós baill tofa Lárchoiste Feidhmiúcháin CMÉ, ar múinteoirí lánaimseartha iad féin. Is féidir le baill an teileafón, ríomhphost nó an tairseach ar líne a úsáid le ceistanna a logáil ar an Queryline.



## #9 Tacú leat mar ghairmí

Eagraíocht fhorásach is ea CMÉ a thugann tacaíocht dá baill ar bhealaí éagsúla: cláir forbartha gairmiúla leantaí, seimneáir agus seimneáir ghréasáin san áireamh, forlíonadh *Teaching Matters/Cúrsaí Teagaisc* san iris *InTouch*, an iris *Irish Teachers Journal*, Comhdháil Oideachais bhliantúil agus sparánachtaí staidéir a sholáthar. Tugann CMÉ ceannaireacht ar shaincheistanna oideachais. Tá ionadaithe ag an gcumann ar fhorais éagsúla, amhail an Chomhairle Curaclaim, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Chomhairle Mhúinteoireachta. Tá aighneachtaí mionsonraithe déanta ag CMÉ a bhain le saincheistanna ar nós soláthar ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, ganntanas ionadaithe agus soláthar múinteoirí chomh maith le curaclam matamaitice na bunscoile. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin.



## #8 Gréasáin de chuid CMÉ

Cuireann ár nGrúpa do Mhúinteoirí LADT+ tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí LADT+. Cruthaíonn Gréasán Dlúthpháirtíochta Domhanda CMÉ ceangal idir múinteoirí ar spéis leo an t-oideachas domhanda agus saincheistanna ceardchumainn.



## #2 Cuir cumhacht le do ghlór

Tá CMÉ á eagrú ar phrionsabail dhaonlathacha ón mbun aníos. Tá na struchtúir ionadaíochta atá againn cothrom, ionchuimsitheach, rannpháirteach, trédhearcach, agus freagrach. Táimid tar éis a léiriú go bhfuil na struchtúir féin go héifeachtach ó thaobh torthaí a bhaint amach ar son na mball de. Is í an Chomhdháil Bhliantúil an foras rialaithe atá againn. Reáchtálaimid ballóidí do na baill ar chinntí móra, toghcháin do ról thábhachtacha agus réimse imeachtaí comhairleacha.



## #3 Pá agus coinníollacha

Tá ceadúnas idirbheartaíochta ag CMÉ mar cheardchumann agus oibríonn sé chun feabhas a chur ar thuarastail agus ar choinníollacha seirbhíse múinteoirí. Thar na blianta, tá an CMÉ tar éis cuid mhór a bhaint amach: níos mó cinnteacht poist do mhúinteoirí atá ar théarma seasta, laghdú ar líon na ndaltaí i ranganna, cothromú pá a idirbheartú agus socrú a fháil i gcás liúntais a bhí fós le híoc le ceannairí scoile.



## #4 Comhairle agus tacaíocht airgeadais le linn tréimhsí crua

Tacaíonn ciste carthanach an CMÉ le baill nó lena dteaghlach má bhíonn bás nó cruatan airgeadais ann. Tá comhaltaí an Choiste um Chistí Sochair (BFC) ar fáil chun comhairle a thabhairt i gcásanna mar sin.



## #5 Níos fearr agus muid le chéile

Má ghlacann tú ballraíocht in CMÉ, is éard a chiallaíonn sé sin ná go mbeidh tú mar bhall den cheardchumann múinteoirí is mó agus is faide ar an bhfód in Éirinn, ceardchumann atá ag déanamh ionadaíocht do bhreis agus 50,000 múinteoir ar fud an oileáin. Tá táillí sintiúis CMÉ iomaíoch agus gheobhaidh tú luach do chuid airgid. Ní íocann baill CMÉ ar baill ionaid iad ach as na laethanta a oibríonn siad agus faigheann gach múinteoir nuacháilithe (NQTs) na chéad sé mhí den bhallraíocht saor in aisce!



## #6 Sochair airgeadais

Is féidir leas a bhaint as Scéim Cosanta Tuarastail CMÉ le tuilleamh a chosaint ar an mbaol a bhaineann le trombhreiteacht. Tá comhar creidmheasa (Comhar Linn) ag CMÉ freisin, chomh maith le scéimeanna ceadaithe ranníocaíochtaí saorálacha breise agus árachais gluaisteáin, agus cárta lascaire chun airgead a shábháil, Membership Plus.



## #7 Feachtais rathúla

Tá na mílte post múinteoireachta breise bainte amach do mhúinteoirí mar thoradh ar fheachtais na mball, feachtais ar nós *Invest for the Best* agus *Stand up for Primary Education*, an méid sin in ainneoin coinníollacha dochta buiséid a bheith ann.

10 gcúis le bheith páirteach i gCMÉ